2024/1362

17.5.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1362 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an Iarscríbhinn a ionadú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Feabhra 2019 lena gcuirtear chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha ([1]), agus go háirithe Airteagal 15 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/287 lena leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tír amháin nó níos mó. Ní dhéanann forálacha Rialachán (AE) 2019/287 difear d'aon fhoráil shonrach atá sna comhaontuithe trádála sin, i gcás nach bhfuil na forálacha sin i gcomhréir leis an Rialachán sin. Tá na forálacha sonracha sin atá i gcomhaontuithe trádála áirithe liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287.

(2) Tá Comhaontú Saorthrádála ([2]) tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach agus ag an Nua-Shéalainn ina bhfuil forálacha áirithe maidir le coimircí déthaobhacha nach bhfuil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/287. Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí d'fhorálacha den sórt sin a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Mar thoradh ar scrúdú breise ar an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ([3]), ar an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam ([4]), agus ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin ([5]), thángthas ar an gconclúid, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus trédhearcacht a fheabhsú, gur cheart forálacha breise atá sna comhaontuithe sin a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 freisin. Ina theannta sin, mar thoradh ar scrúdú breise ar an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór agus ar an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam, thángthas ar an gconclúid gur cheart forálacha áirithe sna comhaontuithe sin a bhaineann le hidirthréimhsí a scriosadh ón Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 ós rud é go bhfuil na forálacha sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/287.

(4) Ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 a mhodhnú trí dhátaí theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór agus an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a chur leis, ó tharla nach raibh na dátaí sin ar eolas tráth theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/287.

(5) I bhfianaise na n-athruithe sin agus chun trédhearcacht agus inléiteacht a áirithiú, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 a ionadú.

(6) De bhun Airteagal 27.2 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, ba cheart an comhaontú sin a theacht i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a mhalartóidh na Páirtithe fógraí i scríbhinn lena ndeimhnítear go bhfuil a gceanglais agus a nósanna imeachta dlíthiúla is infheidhme faoi seach maidir le teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe sin curtha i gcrích acu. Ós rud é go bhfuil coinne leis nach dtiocfaidh an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn i bhfeidhm roimh an 1 Meitheamh 2024, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar,

([1]) IO L 53, 22.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/287/oj.
([2]) IO L, 2024/229, 28.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree/2024/229/oj.
([3]) IO L 294, 14.11.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/1875/oj.
([4]) IO L 186, 12.6.2020, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2020/753/oj.
([5]) IO L 330, 27.12.2018, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2018/1907/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Meitheamh 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

FORÁLACHA SONRACHA ATÁ SNA COMHAONTUITHE AGUS ARNA gCUR CHUN FEIDHME LEIS AN RIALACHÁN SEO

Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór

Dáta cur i bhFeidhm	21.11.2019
Clásal coimirce déthaobhach nó sásraí eile	Caibidil a Trí Leigheasanna Trádála, Roinn C Clásal Coimirce Déthaobhach
Foráil (forálacha) atá sa Chomhaontú	Airteagal 3.11.3 '3. Ní dhéanfar an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 3.10 (Feidhmiú an Bhirt Coimirce Dhéthaobhaigh) mura léirítear san imscrúdú ar bhonn fianaise oibiachtúil go bhfuil nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe ón bpáirtí eile agus mórdhíobháil nó bagairt na mórdhíobhála sin. I ndáil leis sin, tabharfar aird chuí ar thosca eile, lena n-áirítear allmhairiú an táirge chéanna ó thíortha eile.' Airteagal 3.11.4 '4. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údarás inniúil aon imscrúdú den sórt sin a chur i gcrích laistigh de 1 bhliain amháin tar éis dháta a thionscnaimh.' Airteagal 3.11.5(c) '5. Ní chuirfidh ceachtar de na Páirtithe beart coimirce déthaobhach mar a leagtar amach sin i mír 1 d'Airteagal 3.10 i bhfeidhm (Feidhmiú an Bhirt Coimirce Dhéthaobhaigh): […] (c) tar éis dhul in éag na hidirthréimhse, ach amháin le toiliú an Pháirtí eile.' Airteagal 3.11.6 '6. Ní chuirfear aon bheart i bhfeidhm arís maidir le hallmhairiú an earra chéanna le linn na hidirthréimhse, mura rud é go bhfuil tréimhse ama caite arb ionann í agus leath na tréimhse inar cuireadh an beart coimirce i bhfeidhm roimhe sin. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag mír 3 d'Airteagal 3.13 (Cúiteamh).' Airteagal 3.11.7 '7. Nuair a fhoirceannann Páirtí beart coimirce déthaobhach, is é an ráta dleachta custaim an ráta a bheadh i bhfeidhm murach an beart, de réir a Sceidil a áirítear in Iarscríbhinn 2-A.'

Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam

Dáta cur i bhFeidhm	1.8.2020
Clásal coimirce déthaobhach nó sásraí eile	Caibidil 3 Leigheasanna Trádála, Roinn C Clásal coimirce déthaobhach

Foráil (forálacha) atá sa Chomhaontú	Airteagal 3.11.4 ‘4. Léireoidh an t-imscrúdú freisin, ar bhonn fianaise oibiachtúil, gur ann do nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe agus an mhórdhíobháil nó bagairt na mórdhíobhála sin. Cuirfear san áireamh freisin san imscrúdú aon toisc atá ann seachas an méadú ar allmhairí a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le díobháil an tráth céanna.’ Airteagal 3.11.5 ‘5. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údarás inniúil an t-imscrúdú dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcrích laistigh de 1 bhliain amháin tar éis dháta a thionscnaimh.’ Airteagal 3.11.6(c) ‘6. Ní ceadmhach do Pháirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm: […] (c) tar éis dhul in éag na hidirthréimhse, ach amháin le toiliú an Pháirtí eile.’ Airteagal 3.11.7 ‘7. Chun coigeartú a éascú i gcás inar faide ná dhá bhliain an fad a mheastar a mhairfidh beart coimirce déthaobhach, déanfaidh an Páirtí a chuirfidh an beart i bhfeidhm an beart a léirscaoileadh de réir a chéile go tráthrialta le linn na tréimhse cur i bhfeidhm.’ Airteagal 3.11.8 ‘8. Nuair a fhoirceannann Páirtí beart coimirce déthaobhach, is é an ráta dleachta custaim an ráta a bheadh i bhfeidhm murach an beart, de réir a sceidil a áirítear in Iarscríbhinn 2-A (Laghdú nó Díothú Dleachtanna Custaim).’ Airteagal 3.14 ‘14. Chun an éifeachtúlacht is mó is féidir a áirithiú le haghaidh chur i bhfeidhm na rialacha maidir le leigheas trádála faoin gCaibidil seo, úsáidfidh údaráis imscrúdúcháin na bPáirtithe an Béarla mar bhonn don chumarsáid agus do na doiciméid a mhalartaítear i gcomhthéacs imscrúduithe leigheasanna trádála idir na Páirtithe.’

Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch

Dáta cur i bhfeidhm	1.2.2019
Clásal coimirce déthaobhach nó sásraí eile	Caibidil 5 Leigheasanna Trádála, Roinn A Forálacha ginearálta agus Roinn B Bearta coimirce déthaobhacha, agus Airteagal 18 Cosaint d’Iarscríbhinn 2-C Mótarfheithiclí agus Páirteanna
Foráil (forálacha) atá sa Chomhaontú	Airteagal 5.1(d) ‘(d) ciallaíonn ‘idirthréimhse’, i ndáil le hearra tionscnaimh áirithe, an tréimhse dar tús dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus dar deireadh 10 mbliana tar éis dháta chríochnú an laghdaithe nó an díothaithe taraife ar an earra sin i gcomhréir le hIarscríbhinn 2-A.’

	Airteagal 5.2.2(b)(ii) ‘(ii) an ráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm i leith an náisiúin barrfhabhair atá in éifeacht an lá díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.’ Airteagal 5.3.2 ‘2. Ní fhéadfar bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm ach amháin le linn na hidirthréimhse.’ Airteagal 5.3.3 ‘3. Chun aon choigeartú a éascú i gcás inar faide fad ionchais an bhirt coimirce dhéthaobhaigh ná 1 bhliain amháin, déanfaidh an Páirtí a choinneoidh an beart coimirce déthaobhach an beart coimirce déthaobhach a léirscaoileadh de réir a chéile go tráthrialta le linn na tréimhse cur i bhfeidhm.’ Airteagal 5.3.4 ‘4. Ní chuirfear aon bheart coimirce déthaobhach i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earra tionscnaimh áirithe a bhí faoi réir birt coimirce dhéthaobhaigh den sórt sin cheana ar feadh tréimhse is comhionann le ré an bhirt coimirce dhéthaobhaigh roimhe sin nó ar feadh bliana, cibé acu is faide.’ Airteagal 5.3.5 ‘5. Ar bheart coimirce déthaobhach a fhoirceannadh, is é an ráta dleachta custaim don earra tionscnaimh atá faoi réir an bhirt an ráta a bheadh i bhfeidhm murach an beart coimirce déthaobhach.’ Airteagal 5.4.2 ‘2. Cuirfear an t-imscrúdú i gcrích i ngach cás laistigh de bhliain amháin tar éis dháta a thionscnaimh.’ Airteagal 5.4.4 ‘4. Ní dhéanfar an cinneadh go bhfuil allmhairí méadaithe earra tionscnaimh ina chúis le mórdhíobháil, nó go bhfuil bagairt mórdhíobhála ann, do thionscal intíre mura léirítear san imscrúdú, ar bhonn fianaise oibiachtúil, gur ann do nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an earra tionscnaimh agus an mhórdhíobháil nó an bhagairt mórdhíobhála don tionscal intíre. Sa chinneadh sin, cuirfear san áireamh fachtóirí seachas allmhairí méadaithe an earra tionscnaimh atá ina gcúis díobhála freisin don tionscal intíre an tráth céanna.’ Airteagal 5.8 ‘8. Is i mBéarla a dhéanfar na fógraí dá dtagraítear i mír 1 d’Airteagal 5.5 agus mír 2 d’Airteagal 5.7 agus aon chumarsáid eile idir na Páirtithe faoin Roinn seo.’ Airteagal 18 Coimirciú Iarscríbhinn 2-C maidir le Mótarfheithiclí agus Páirteanna ‘1. I rith na 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh sé de cheart ag gach ceann de na Páirtithe lamháltais choibhéiseacha nó oibleagáidí coibhéiseacha eile a chur ar fionraí i gcás (*): (a) nach gcuirfidh an Páirtí eile i bhfeidhm Rialachán de chuid na Náisiún Aontaithe arna shonrú in Aguisín 2-C-1, nó ina scorfaidh sé de Rialachán den sórt sin a chur i bhfeidhm nó (b) go ndéanfaidh an Páirtí eile aon bheart rialála eile a thabhairt isteach nó a leasú lena neamhnítear nó lena lagaítear na tairbhí a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán de chuid NA arna shonrú in Aguisín 2-C-1.

	2. Leanfaidh fionraíochtaí de bhun mhír 1 de bheith i bhfeidhm go dtí an tráth sin, agus go dtí an tráth sin amháin, a ndéanfar cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta brostaithe um réiteach díospóide dá dtagraítear in Airteagal 19 den Iarscríbhinn seo nó a dtiocfar ar réiteach is inghlactha ag an dá thaobh, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin faoi fhophointe (b) d'Airteagal 19 den Iarscríbhinn seo, cibé acu is túisce. ——————— (*) Ní bheidh an leibhéal fionraí lamháltas nó oibleagáidí eile níos mó ná leibhéal mhéid na trádála déthaobhaí idir na Páirtithe i dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe dá dtagraítear i bhfomhír 1(a) nó (b) den Airteagal seo.'

Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn

Dáta cur i bhFeidhm	1.6.2024
Clásal coimirce déthaobhach nó sásraí eile	Caibidil 5 Leigheasanna Trádála, Roinn D Bearta Coimirce Déthaobhacha
Foráil (forálacha) atá sa Chomhaontú	Airteagal 5.7(c), (e) agus (g) '(c) ciallaíonn 'meath tromchúiseach' deacrachtaí móra in earnáil den gheilleagar ina dtáirgtear earraí comhchosúla nó earraí díriomaíocha; […] (e) ciallaíonn 'bagairt an mheatha thromchúisigh' meath tromchúiseach ar soiléir go bhfuil sí ar tí tarlú, ar bhonn na bhfíoras agus ní ar líomhaintí, ar thuairimíocht ná ar fhéidearthacht fhánach amháin; […] (g) ciallaíonn 'idirthréimhse' tréimhse de 7 mbliana dar tús dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.' Airteagal 5.8.2(b)(ii) '(ii) an ráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm i leith an náisiúin barrfhabhair atá in éifeacht an lá díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.' Airteagal 5.9.1(a) agus (c) '1. Ní chuirfear beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm: (a) ach amháin a mhéid is gá, agus go ceann cibé tréimhse, is gá chun an mhórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála don tionscal intíre a chosc nó a leigheas nó chun meath tromchúiseach nó an bhagairt meatha thromchúisigh i staid eacnamaíoch an réigiúin fhorimeallaigh nó na réigiún forimeallach a chosc nó a leigheas; […] (c) i ndiaidh dhul in éag na hidirthréimhse.'

	Airteagal 5.9.2(a) ‘2. Féadfar síneadh bliain amháin a chur leis an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 ar choinníoll: (a) go gcinnfidh údaráis inniúla imscrúdaithe an Pháirtí allmhairiúcháin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a shonraítear i bhForoinn 1 (Rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le bearta coimirce déthaobhacha), go bhfuil gá i gcónaí leis an mbeart coimirce déthaobhach chun an mhórdhíobháil nó an bhagairt mórdhíobhála don tionscal intíre a chosc nó a leigheas nó chun meath tromchúiseach nó bagairt an mheatha thromchúisigh i staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí a chosc nó a leigheas;’ Airteagal 5.9.3 ‘3. Nuair a scoirfidh Páirtí de bheart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, is é an ráta a bheadh in éifeacht don earra lena mbaineann roimhe sin an ráta dleachta custaim a bheidh ann, i gcomhréir le hIarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifí).’ Airteagal 5.9.4 ‘4. Ní chuirfear beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earra de Pháirtí a bhí faoi réir birt coimirce dhéthaobhaigh den sórt sin cheana ar feadh tréimhse is comhionann le leath ré an bhirt coimirce dhéthaobhaigh roimhe sin.’ Airteagal 5.9.5 ‘5. Ní dhéanfaidh Páirtí na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis an earra céanna an tráth céanna: (a) beart coimirce déthaobhach sealadach, beart coimirce déthaobhach sealadach nó beart coimirce de chuid na réigiún is forimeallaí de bhun an Chomhaontaithe seo; agus (b) beart coimirce de bhun Airteagal XIX de GATT 1994 agus faoin gComhaontú maidir le Coimircí.’ Airteagal 5.10.1 ‘1. In imthosca criticiúla, i gcás ina mbeadh moill ina cúis le damáiste a bheadh deacair a leigheas, féadfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach sealadach a chur i bhfeidhm, de bhun réamhchinnidh go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí earra de thionscnamh an Pháirtí eile de thoradh dleacht chustaim a laghdú nó a dhíothú faoin gComhaontú seo, agus go bhfuil allmhairí den sórt sin ina gcúis le mórdhíobháil nó le bagairt mórdhíobhála don tionscal intíre nó le meath tromchúiseach nó le bagairt meatha thromchúisigh ar staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí.’ Airteagal 5.10.3 ‘3. Déanfar an dleacht chustaim a fhorchuirtear mar thoradh ar an mbeart coimirce déthaobhach sealadach a aisíoc go pras mura gcinnfear leis an imscrúdú ina dhiaidh sin dá dtagraítear i bhForoinn 1 (Rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le bearta coimirce déthaobhacha) go bhfuil allmhairí an earra atá faoi réir an bhirt coimirce dhéthaobhaigh shealadaigh ina gcúis le mórdhíobháil nó le bagairt mórdhíobhála don tionscal intíre nó le meath tromchúiseach nó le bagairt meatha thromchúisigh ar staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí.’ Airteagal 5.11 ‘**Na Réigiúin is Forimeallaí** 1. I gcás ina bhfuil aon táirge de thionscnamh na Nua-Shéalainne á allmhairiú isteach go díreach i gcríoch ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí den Aontas (*) i gcainníochtaí méadaithe agus faoi choinníollacha a bheadh ina gcúis le meath tromchúiseach ar chás eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiúin is forimeallaí lena mbaineann, nó dá mbagrófaí a leithéid, féadfaidh an tAontas, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar réitigh mhalartacha, bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm ar bhonn eisceachtúil atá teoranta do chríoch an réigiúin nó na réigiúin is forimeallaí lena mbaineann.

	2. Chun críocha mhír 1, beidh an cinneadh maidir le meath tromchúiseach bunaithe ar thosca oibiachtúla, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas: (a) an dearbhmhéadú nó an méadú coibhneasta ar mhéid na n-allmhairí i gcomparáid le táirgeacht intíre agus le hallmhairí ó fhoinsí eile; agus (b) éifeacht na n-allmhairí sin ar staid an tionscail ábhartha nó na hearnála eacnamaíche lena mbaineann, lena n-áirítear an éifeacht ar na leibhéil díolacháin, ar tháirgeacht, ar an staid airgeadais agus ar fhostaíocht. 3. Gan dochar do mhír 1, beidh feidhm ag an Roinn seo maidir le haon bheart coimirce a ghlactar faoin Airteagal seo, *mutatis mutandis*.' (*) Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, is iad Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Mayotte, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha na réigiúin is forimeallaí den Aontas. Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le tír nó le críoch thar lear a athraíonn a stádas go réigiún is forimeallaí trí chinneadh ón gComhairle Eorpach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 355(6) de CFAE ón dáta a ghlacfar an cinneadh sin. I gcás ina n-athróidh réigiún forimeallach de chuid an Aontais a stádas i gcomhréir leis an nós imeachta céanna, scoirfidh Airteagal 5.11 (Na réigiúin is forimeallaí) d'fheidhm a bheith aige ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh ábhartha ón gComhairle Eorpach. Tabharfaidh an tAontas fógra don Nua-Shéalainn faoi aon athrú a bhaineann le stádas na gcríoch a mheastar mar na réigiúin is forimeallaí den Aontas.' Airteagal 5.14.2 '2. D'fhonn beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, léireoidh an t-údarás inniúil imscrúdaithe, ar bhonn fianaise oibiachtúla, gur ann do nasc cúisíoch idir an méadú atá tagtha ar allmhairí an táirge lena mbaineann agus an mhórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála nó gur ann do nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus an meath tromchúiseach nó an bhagairt meatha thromchúisigh. Scrúdóidh an t-údarás inniúil imscrúdaithe freisin tosca aitheanta seachas na hallmhairí méadaithe chun a áirithiú nach gcuirtear i leith na n-allmhairí méadaithe an díobháil arb iad na fachtóirí eile sin ba chúis léi.' Airteagal 5.14.3 '3. Cuirfear an t-imscrúdú i gcrích i ngach cás laistigh de bhliain amháin tar éis dháta a thionscnaimh.'